**Litir chlabhsúir le haghaidh ilghearán faoi rialacha pá íosta náisiúnta á gcur i bhfeidhm ag an nGearmáin maidir le seirbhísí iompair de bhóthar - CPLT(2015)00227**

Baineann an teachtaireacht seo ó sheirbhísí an Choimisiúin leis an ilghearán faoi rialacha pá íosta náisiúnta á gcur i bhfeidhm ag an nGearmáin maidir le tiománaithe cuideachtaí iompair de bhóthar atá bunaithe i mBallstáit eile [1]. Cláraíodh na gearáin sin faoin tagairt CPLT(2015)00227 [2].

Ós rud é nach ndearna na gearánaigh aon fhianaise nua ná aon áiteamh nua a tharraingt anuas tar éis fhoilsiú mheasúnú sheirbhísí an Choimisiúin an 12 Márta 2024 ar shuíomh gréasáin an Choimisiúin, cuirfear clabhsúr ar an gcás ar an dáta a fhoilseofar an teachtaireacht seo ar na cúiseanna a mhínítear sa teachtaireacht ó sheirbhísí an Choimisiúin maidir le réamhchlabhsúr an ghearáin seo, teachtaireacht atá le fáil ar an suíomh gréasáin Europa ag an seoladh thíos faoin teideal 'Litir réamhchlabhsúir le haghaidh ilghearán faoi rialacha pá íosta náisiúnta á gcur i bhfeidhm ag an nGearmáin maidir le seirbhísí iompair de bhóthar - CHAP (2024)00227':

https://commission.europa.eu/about-european-commission/contact/problems-and-complaints/complaints-about-breaches-eu-law-member-states/how-make-complaint-eu-level/decisions-and-other-notices-multiple-complaints_en?prefLang=ga&etrans=ga

[1] *Gesetz zur Regelung eines allgemeinen Mindestlohns („Mindestlohngesetz")* an 11 Lúnasa 2014 (BGBl. I S. 1348).

[2] De bharr athrú ar chóras inmheánach an Choimisiúin le haghaidh clárú gearán, athraíodh an réimír sna huimhreacha tagartha (ó CHAP go CPLT). Ní dhéanann sin aon difear don ghearán, áfach.